

Nuair a bhí Joe tinn Ceacht a Trí

Naise leis an gCuraclam:		
OSPS	Snáitheanna: Mise agus Daoine Eile, Mise agus an Domhan Mór	Snáithaonaid: Ag forbairt saorántachta, Caidreamh le daoine eil, Mise agus mo chairde, Mise agus mo mhuintir
Gaeilge	Snáitheanna: Labhairt, Éisteacht, Scríbhneoireacht	Snáithaonaid: Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga, Ag cothú fonn na scríbhneoireachta

Gníomhaíocht a hAon - Cineáltas Gníomhaíocht a Dó – Líon an Buicéad! Gníomhaíocht a Trí – Leathanach Oibre agus amhrán

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar cad is brí le 'cineáltas'.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí samplaí a thabhairt de bhealaí áirithe gur féidir cineáltas a léiriú.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí an leathanach oibre 'Líon an Buicéad' a líonadh isteach.*

Gníomhaíocht a hAon - Cineáltas

- Iarr ar na páistí plé a dhéanamh ar an bhfocal 'cineálta'. Iarr orthu samplaí a thabhairt.
- *“Smaoinigh ar an scéal Nuair a bhí Joe tinn. Nuair a bhí Jackie ag iarraidh a bheith cineálta dá deartháirín beag Joe, chan sí amhrán leis, bhí sí ag súgradh leis agus bhí sí ag tabhairt aire dó.”*
- *“Cuimhnigh ar eachtra nuair a bhí tusa cineálta. Conas a mhothaigh tú ansin?”*
- *“Cuimhnigh ar eachtra nuair a bhí duine eile cineálta leatsa. Conas a mhothaigh tú ansin?”*
- Cothaigh plé ar na ceisteanna seo.
- *“Féachaimid ar bhealaí áirithe conas cineáltas a léiriú le chéile.”* Taispeán an fiseán seo ar an gClár Ban Idirghníomhach (mar gheall ar chineáltas): <http://www.youtube.com/watch?v=5ht1edgOpZM> nó an fiseán 'Go the Extra Mile' : <http://www.youtube.com/watch?v=5ht1edgOpZM>

Gníomhaíocht a Dó - Líon an Buicéad!

Taispeáin an pictiúr den bhuicéad ar an gClár Bán Idirghníomhach, nó bíodh buicéad (fíorúil) agat os comhair an ranga.

Abair leis na páistí: “Samhlaigh go bhuil buicéad folamh ag gach duine sa domhain. Tá buicéad ag gach duine anseo. An t-aon bhealach len é a líonadh ná a bheith cineálta le daoine eile. Ansin, líonfaidh tú na buicéid go léir!”

Iarr ar an rang samplaí a thabhairt conas a bheith cineálta.

Samplaí:

- ✓ Bí deas le daoine eile.
- ✓ Dean meangadh gáire!
- ✓ Bí béasach.
- ✓ Bí ag éisteacht.
- ✓ Cabhraigh le daoine eile.
- ✓ Úsáid focail chineálta.

Gníomhaíocht a Trí - Leathanach Oibre agus amhrán

- Tabhair amach leathanach oibre do gach páiste.
- Iarr ar na páistí a mbuicéid a líonadh le pictiúir chineálta (pictiúir de dhaoine ag léiriú cineáltais).
- Téigh timpeall an seomra ag cothú na bpáistí agus ag tabhairt smaointe breise más gá.
- Agus an obair críochnaithe, taispeáin na leathanaigh ar fad agus déan plé orthu.

Amhrán:

Feach ar agus éist leis an amhrán (as Béarla): Fill your Bucket. @ <http://vimeo.com/63793054> nó <http://www.youtube.com/watch?v=WaddbqEQ1NE>

